C/2024/2220

18.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás.11323 – SKG / WESTROCK)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2220)

1. An 11 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Smurfit Kappa Group plc ('SKG'), cuideachta atá liostaithe go poiblí agus atá corpraithe in Éirinn.

— WestRock Company ('WestRock'), cuideachta atá liostaithe go poiblí agus atá corpraithe sna Stáit Aontaithe.

Déanfaidh SKG cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc, le WestRock.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta páipéar agus pacáistiú ilnáisiúnta é SKG. Tá sé gníomhach i monarú agus i ndíol (i) ábhair, leatháin, agus cásanna cáis roctha, (ii) leatháin agus cásanna soladacha boird, (iii) cairtchlár agus cartáin infhillte, (iv) táirgí pacáistithe speisialtachta, (v) innealra pacáistithe, agus (vi) díorthaigh pháipéir, mar shampla, dramhpháipéar athchúrsáilte agus laíon.

— Is soláthróir ilnáisiúnta réitigh páipéar agus pacáistiú é WestRock. Tá sé gníomhach i monarú agus i soláthar cairtchláir, cartáin infhillte, clár coimeádán, agus táirgí pacáistithe roctha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11323 – SKG / WESTROCK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË